Cuirtear fáilte roimh iarratais ó scríbhneoirí Éireannacha a bhfuil a gcáil bunaithe ar Chomhaltacht Scríbhneora Choláiste na Tríonóide/na Comhairle Ealaíon, atá á maoiniú ag Scoil an Bhéarla agus trí dheontas i gcabhair ón gComhairle Ealaíon. Beidh an Chomhaltacht ar fáil i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, don tréimhse Eanáir–Bealtaine 2022.

Bunaíodh scéim Scríbhneora Comhalta na Comhairle Ealaíon chun timpeallacht spreagthach a chur ar fáil don scríbhneoir cónaitheach, agus chun roinnt tacaíocht airgeadais a sholáthar le díriú ar chleachtas an scríbhneora féin. Anuas air sin, cuireann an chónaitheacht fuinneamh agus spleodar leis an ollscoil, agus tugtar deis do na mic léinn teagmháil a dhéanamh le scríbhneoir atá i mbun na ceirde ar feadh dhlúth-thréimhse.

Eolas faoin gcónaitheacht
Fostófar an Scríbhneoir Comhlach don tréimhse idir mí Eanáir agus mí na Bealtaine 2022 agus beidh sé lonnaithe sa chlár M.Phil sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus beidh deis aige dul i ngleic le pobal an champais níos leithne.

Ó mhí Eanáir go mí na Bealtaine 2022, tacófar leis an scríbhneoir cónaitheach chun dul i ngleic le mic léinn agus leis an bhfoireann ollscoile. Déanfaidh an scríbhneoir cónaitheach an clár rannpháirtíochta seo a dhearadh, i gcomhar le foireann na hollscoile, agus d'fhéadfadh go mbeadh teagasc dírithe, ceardlanna, meantóireacht, imeachtaí poiblí nó gníomhaíochtaí eile a chuireann fuinneamh nua leis an gclár scríbhneoireachta cruthaithí mar chuid den chlár sin. Is é ceithre uair an chloig in aghaidh na seachtaine an t-uasmhéid ama teagmhála a bheidh ag an scríbhneoir leis an bhfoireann agus le mic léinn le linn an ama seo, agus ní bheidh ar an scríbhneoir curaclam príomhúil a sheachadadh.

Is é €25,000 an táille don Scríbhneoir Comhlach, agus íocfaidh an Chomhairle Ealaíon an scríbhneoir go díreach (arb é atá ann ná €20k ón gComhairle Ealaíon agus €5k ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath). Íocfar an táille ina dhá tráthchuid, agus scríobhfaidh an scríbhneoir tuairisc dheiridh ag deireadh na cónaitheachta.

Cuirfear árasán féinchuimsitheach ina bhfuil seomra leapa singil, seomra folctha agus cistin/seomra comhluadair beag, ar fáil don Scríbhneoir Comhlach ar feadh thréimhse na Comhaltachta. Cuirfear spás oifige sonrach ar fáil don Scríbhneoir Comhlach freisin in Ionad Oscar Wilde, áit a mbeidh sé in ann tabhairt faoina chleachtas cruthaitheach féin.

Cé atá i dTeideal Iarratas a Dhéanamh?
Tá an dámhachtain oscailte do scríbhneoirí gairmiúla atá ag obair i ngach seánra agus foirm liteartha. Measfar iarratais ó scríbhneoirí ficsin, filíochta, neamhfhicsin chruthaithigh, úrscéalta grafacha agus ficsin agus filíochta do leanaí agus do dhaoine fásta óga.

Le bheith i dteideal iarratas a dhéanamh, ní mór d'iarratasóirí na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- A bheith ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann. Bíonn cásanna eisceachtúla ann nuair a ghlacann an Chomhairle Ealaíon le hiarratais incháilithe ó dhaoine atá lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. Sula n-admhódh an Chomhairle Ealaíon go bhfuil iarratais den sórt sin incháilithe, áfach, bheadh ar an iarratasóir scríobh chuig an gComhairle Ealaíon agus a

shonrú go soiléir san iarratas an chaoi a gcuirfeadh torthaí togra den sórt sin leis na healaíona i bPoblacht na hÉireann, agus chaithfeadh an Chomhairle Ealaíon a bheith sásta leis sin freisin. Ba cheart na ceisteanna ar an ábhar sin a sheoladh chuig Sarah Bannan, Ceann Litríochta sa Chomhairle Ealaíon, ag sarah.bannan@artscouncil.ie.

- Is ealaíontóirí gairmiúla cleachtacha iad. Cé nach gá go dtuilleann siad ioncam go leanúnach ná go heisiach óna gcleachtas ealaíon, ní mór do na hiarratasóirí iad féin a aithint agus a bheith aitheanta ag a bpiaraí mar ealaíontóirí gairmiúla atá i mbun cleachtaidh.

- De réir Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do chinntiú go dtugtar faoi bhearta beartais dhearfaigh chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do gach duine a chónaíonn in Éirinn, beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, aois, míchumas, cine nó duine den Lucht Taistil. Ina theannta sin, tarraingíonn an Chomhairle Ealaíon aird ar an gcúlra socheacnamaíoch mar fhoras eile ina gcaithfear comhionannais deiseanna a chinntiú. Dá bhrí sin, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, na tréithe thuasluaite ina measc ach nach bhfuil teoranta dóibh.

Conas Iarratas a Dhéanamh
Ní mór do scríbhneoirí an méid seo a leanas a chur ar fáil chun iarratas a dhéanamh:

- Togra mionsonraithe ina leagtar amach conas a rachfaí i ngleic le mic léinn, leis an bhfoireann agus le pobal an champais níos leithne, mar aon le taithí ábhartha a thacaíonn leis an gcur chuige sin
- Ráiteas an ealaíontóra, ar aon leathanach amháin, ina ndéantar cur síos ar an tionchar a bheadh ag an gcónaitheacht ar chleachtas an ealaíontóra
- CV mionsonraithe, ina leagtar amach éachtaí agus gaiscí ealaíonta.

Ba cheart iarratais a sheoladh chuig archbolr@tcd.ie faoi **5.30 pm, Déardaoin, 28 Deireadh Fómhair 2021**. Ní ghlacfar ach le hiarratais i ríomhphost amháin. Ní ghlacfar le hiarratais a gheofar tar éis an spriocdháta sin.

An Próiseas Measúnaithe
Bunóidh an Chomhairle Ealaíon agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath coiste roghnúcháin nuair a fhaightear na hiarratas, agus beidh beirt ionadaithe ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, duine amháin ón gComhairle Ealaíon agus comhalta painéil seachtrach ag a bhfuil saineolas liteartha ar an bpainéal sin. Cuirfidh an coiste roghnúcháin gearrliosta d'iarrthóirí le chéile bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- cuntas teiste ealaíonta an iarratasóra
- caighdeán an smaoinimh/chur chuige (tagraítear don mhéid sin thuas), mar atá le sonrú san iarratas
- an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag an gcónaitheacht ar chleachtas cruthaitheachta an scríbhneora féin

Bunófar gearrliosta (ní bheidh níos mó ná seisear scríbhneoirí ar an ngearrliosta). Iarrfar ar scríbhneoirí a chuirtear ar an ngearrliosta dul faoi agallamh i lár mhí na Samhna. Is dócha go reáchtálfar an t-agallamh trí ghlaoch físchomhdhála, i gcomhréir leis na treoirlínte sláinte poiblí. Tabharfar deis do na scríbhneoirí atá ar an ngearrliosta a bpleananna agus a dtaithí a phlé go

mionsonraithe san agallamh. Déanfaidh an painéal an cinneadh deiridh bunaithe ar na critéir thuasluaite agus cuirfear cinntí in iúl do na hiarratasóirí faoi dheireadh mhí na Samhna.